



An Chomhdháil
ar Thodhchaí
na hEorpa

An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

Painéal Saoránach Eorpach 3: ‘An t-athrú aeráide
agus an comhshaol / an tsláinte’

Moltaí

An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa
Painéal Saoránach Eorpach 3:
'An t-athrú aeráide agus an comhshaol / an tsláinte'

NA MOLTAÍ A GHLAC AN PAINEÁL (LE TABHAIRT AR AGHAIDH GO DTÍ AN CRUINIÚ IOMLÁNACH)

Sruth 1: Slite maireachtála níos fearr

Foshruth 1.1 Stíleanna maireachtála sláintiúla

- 1. Molaimid go gcuirfidh an tAontas fóirdheontais ar fáil don fheirmeoireacht orgánach, dreasachtaí do lotnaidicídí orgánacha san áireamh, chun go mbeidh earraí orgánacha níos inacmhainne. Thairis sin, ní mór don Aontas tacú le hoideachas d'fheirmeoirí maidir le riachtanais na feirmeoireachta orgánaí inbhuanaithe agus ba cheart an fheirmeoireacht bairr shingil a sheachaint. Feirmeacha beaga orgánacha, feirmeacha neamhdhiana agus na feirmeacha sin ag a bhfuil slabhraí soláthair gearra, ba cheart tacú leo le go bhféadfaidís a bheith níos iomaíche.**

Dá ndéanfaí táirgí orgánacha a fhóirdheonú, chuirfí feabhas ar a inacmhainne atá siad. Ba cheart dúinn cuidiú le hollmhargaí i dtaca le slabhraí soláthair níos giorra, sin agus tacú le feirmeoirí níos lú maidir le deiseanna chun a dtáirgí a dhíol. Ar an gcaoi sin, cuirfear rochtain ar fáil ar tháirgí níos úire. Thairis sin, an praghas íseal a bhíonn ar tháirgí nach táirgí orgánacha iad, ní léiríonn sin an dochar a dhéanann siad.

- 2. Molaimid go dtacóidh infheistíochtaí ón Aontas leis an nuálaíocht san fheirmeoireacht ingearach.**

Cuireann an fheirmeoireacht ingearach ar ár gcumas spás talún a shábháil, ar spás é a d'fhéadfaí a úsáid don fhoraoiseacht. Níl gá le lotnaidicídí lena haghaidh ach an oiread, rud a chuirfeadh ar ár gcumas níos mó bia orgánach a tháirgeadh. Thairis sin, ní bhíonn tionchar ag dálaí drochaimsire uirthi, rud atá ag teacht chun cinn níos minice i ngeall ar an athrú aeráide, sin agus cumasaíonn sí slabhraí soláthair níos giorra.

- 3. Ba cheart don Aontas caighdeáin íosta a shocrú maidir le cáilíocht an bhia, chomh maith le inrianaitheacht an bhia agus úsáid bhia shéasúraigh i gceaintíní scoile. Dá bhrí sin, ba cheart fóirdheontais a chur ar fáil do cheaintíní scoile chun bia inacmhainne ardchaighdeáin a chinntiú do dhaltaí.**

Is ag aois óg a chothaítear nósanna ag a mbíonn tionchar ar an dearcadh atá againn ar chúrsaí sláinte, agus ba cheart dea-nósanna a spreagadh i scoileanna le go bhféadfadh daltaí na dea-nósanna sin a thabhairt abhaile leo. Is ceist í sin a bhaineann leis an gceartas sóisialta freisin: ba cheart an ceart a bheith ag gach duine san Aontas ar bhia maith ar scoil.

- 4. Molaimid go ndéanfar infheistíocht i lánaí nua rothaíochta agus go gcuirfear feabhas ar na cinn atá ann cheana féin chun go mbeidh an rothaíocht sábháilte tarraingteach. Cinnte a dhéanamh de go gcuirfear oiliúint ar fáil maidir le rialacha tráchta ar bhóithre ar fud na hEorpa, go háirithe maidir le rothair leictreacha agus na cinn nach dteastaíonn ceadúnas tiomána lena n-aghaidh. Ba cheart a cheangal ar tháirgeoirí rothar leictreach eolas a chur ar fáil maidir le húsáid na rothar leictreach agus na rioscaí a bhaineann leo. Cosaint dhlíthiúil a thabhairt do rothaithe i gcás timpistí le feithiclí (féach Rialachán na Hísiltíre). Tacaímid le limistéir thiomnaithe atá saor ó ghluaisteáin i gcathracha (gan dochar a dhéanamh do limistéir thráchtála). Ar an iomlán, tabhair tosaíocht agus cearta breise do rothaithe agus coisithe thar fheithiclí innealta agus san am céanna cinntigh sábháilteacht ar bhóithre i gcomhréir le rialacha tráchta.**

Tá an méid sin tábhachtach i ngeall go mbaineann tairbhí leis an rothaíocht do shláinte an duine agus an phobail, do cháilíocht an aeir, do leibhéal torainn, don aeráid agus don trácht i lár cathracha. Is gá go mothóidh rothaithe agus coisithe sábháilte, agus rioscaí a bhaineann le húsáid mhéadaithe na rothar leictreach á gcur san áireamh. In amanna, ní bhíonn lánaí rothaíochta ar fáil, sin nó ní bhaineann caighdeán sách maith leo.

- 5. Molaimid go mbeidh an táirgeacht bhia mar chuid den oideachas poiblí. Fóirdheontais agus tacaíocht a chur ar fáil chun garraithe a chruthú i scoileanna más féidir, sin agus tionscadail gharraíodóireachta uirbeacha a bhunú do spásanna poiblí agus príobháideacha. An gá atá le spás, uisce agus bonneagar tacaíochta, ní mór dó a bheith mar chuid de chreataí pleanála uirbí. Mar shamplaí, d'fhéadfaí carrchlóis a úsáid don ghlású, an gharraíodóireacht**

ingearach a dhéanamh ar fhoirgnimh, nó d'fhéadfadh sainorduithe a bheith ann maidir le spásanna glasa a chuimsiú chun cead tógála a fháil. Dea-chleachtais agus cleachtais nuálacha a chomhroinnt ar fud na mBallstát go léir.

Cuireann tionscadail gharraíodóireachta chun cinn athléimneacht cathracha agus na daoine atá ina gcónaí iontu, sin agus tógann siad le chéile daoine de gach aois chomh maith le grúpaí sóisialta. Cuireann níos mó spás glas le caighdeán an tsaoil, le cáilíocht an aeir, leis an tsláinte intinne agus fhisiciúil agus leis an gcomhshaol.

Foshruth 1.2 Oideachas faoin gcomhshaol

- 6. Molaimid go nglacfaidh an tAontas treoir lena gceanglófar ar chlár forbartha uirbí ceanglais chomhshaoil shonracha a chomhlíonadh chun cathracha a dhéanamh níos glaise. Ba cheart feidhm a bheith ag an treoir maidir le réadmhaoin phríobháideach agus phoiblí agus le spásanna príobháideacha agus poiblí, cuir i gcás foirgnimh nua atá á dtógáil. Leis an treoir, ba cheart caighdeán íosta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbíonn foirgnimh agus spásanna chomh glas agus is féidir. Tagraíonn an focal 'glas' sa chás seo d'úsáid foinsí inathnuaite fuinnimh, tomhaltas fuinnimh níos ísle, leibhéal ísle astaíochtaí CO2 agus plandaí a chur mar chuid de thionscadail ailtireachta.**

Cuidíonn cathracha níos glaise go mór chun laghdú a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide ar astaíochtaí, cuir i gcás astaíochtaí CO2 agus ózón, ar astaíochtaí iad ag a mbíonn drochthionchar ar shláinte na saoránach. Cuireann an infheistíocht i gcathracha níos glaise le forbairt inbhuanaithe pobal, rud lena mbaineann buntáistí eacnamaíocha agus sóisialta fadtéarmacha.

- 7. Le cúnamh ó na Ballstáit, molaimid go bhforbróidh, go nglacfaidh agus go gcuirfidh an tAontas i bhfeidhm comhchairt Eorpach lena ndíreofar ar shaincheisteanna comhshaoil agus ar na deacrachtaí a bhaineann leo. Cuirfidh an chomhchairt sin creat ar fáil do na Ballstáit chun feachtais rialta faisnéise agus oiliúna a fhorbairt, feachtais a scaipfear ar na meáin go léir ar a bhfuil fáil agus ar thairseach faisnéise thiomnaithe nua. Ba cheart na feachtais sin a reáchtáil ar fud an Aontais agus ar gach leibhéal chun feasacht a chothú i measc na saoránach go léir maidir leis an gcomhshaol.**

Easpa comhordúcháin idir na Ballstáit, cuireann sin srian ar éifeachtúlacht na bhfeachtas atá ann cheana agus a chuireann moill ar iarrachtaí chun dúslán domhanda an athraithe aeráide a chomhrac. Le comhchairt cothófar sineirgí idir pleananna gnímh na mBallstát lena gcinnteofar gur mó an tionchar a bheidh ag na hiarrachtaí. Sa bhreis air sin, chinnteodh sé go gcuirfí faisnéis shoiléir leanúnach i láthair na saoránach maidir leis an tionchar a bhíonn ag an méid a dhéanann siad ó lá go lá, cuir i gcás an modh iompair a roghnaíonn siad agus cóireáil dramhaíola.

Sruth 2: Ár gcomhshaol agus ár sláinte a chosaint

Foshruth 2.1 Comhshaol nádúrtha sláintiúil

- 8. Molaimid go dtabharfar isteach córas lipéadaithe grádaithe aonfhoirmeach lena dtaispeánfar lorg éiceolaíoch iomlán gach táirge a cheannaítear laistigh den Aontas. Ní mór do tháirgí a thiocfaidh as lasmuigh den Aontas an córas lipéadaithe sin a urramú ar bhealach trédhearcach. Ba cheart an córas sin a bhunú ar chritéir lipéadaithe shoiléire ar na táirgí iad féin, agus ba cheart, mar shampla, cód QR a bheith mar chuid den chóras chun faisnéis níos mionsonraithe a thabhairt faoin táirge.**

An fhaisnéis sin faoi shaolré an táirge, is rud bunúsach í do na saoránaigh go léir laistigh den Aontas chun tomhaltóirí a chumhachtú i dtaca lena ngníomhaíochtaí ceannaigh. Is é an toradh a bheidh air go ndéanfaidh siad cinntí freagracha chun cur le cosaint a dtimpeallachta.

- 9. Molaimid gur cheart níos mó infheistíocht airgeadais a dhéanamh chun foinsí fuinnimh nua atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhiosrú agus, go dtí sin, infheistíocht bhreise a dhéanamh i réitigh optamacha an táirgthe fuinnimh atá ann cheana. Molaimid freisin eolas agus oideachas a chur ar phobal na hEorpa faoi fhoinsí sonracha fuinnimh ar bhealach atá go hiomlán trédhearcach. Molaimid go láidir machnamh a dhéanamh ar na tionchair éiceolaíocha agus shóisialta go léir a bhaineann leis an bpróiseas táirgthe fuinnimh don ghlúin seo agus do na glúnta amach anseo.**

Tá ardleibhéil astaíochtaí carbóin agus substaintí tocsaineacha eile againn i ngeall ar an táirgeadh fuinnimh, dhá rud a dhéanann díghrádú ar an gcomhshaol

agus ar cháilíocht an aeir. Chun go mbeimid i gcomhréir leis na teoracha Eorpacha agus le moltaí thuarascálacha IPCC agus le spriocanna COP 26, tá gá le níos mó taighde agus infheistíochta chun táirgeadh fuinnimh atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach.

Foshruth 2.2 Ár mbithéagsúlacht a chosaint

10. Molaimid go ndéanfar laghdú ollmhór ar lotnaidicídí ceimiceacha agus ar leasacháin cheimiceacha i ngach cineál feirme, trí chur i bhfeidhm comhchaighdeán níos airde a fhorfheidhmiú, trí dhlús a chur leis an taighde ar roghanna malartacha nádúrtha agus trí thacú le glacadh na réiteach nua, oiliúint le haghaidh feirmeoirí san áireamh.

Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le leasacháin mhalartacha agus lotnaidicídí malartacha, níl an chuid is mó díobh inúsáidte d'fheirmeacha móra go fóill. Dá bhrí sin, tá gá le hiarracht níos leanúnaí chun réitigh nua a ghiniúint. Ba cheart an caiteachas poiblí agus caighdeáin níos fearr maidir le lotnaidicídí agus leasacháin a úsáid chun tacú leis an taighde. Is gá torthaí an taighde a scaipeadh go tapa ar fud an Aontais.

11. Molaimid go gcuirfear síneadh le limistéir faoi chosaint chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú (mamaigh, éin, feithidí agus plandaí), agus feabhas a chur ar an smacht reachta maidir le hidirghabháil ón duine sna limistéir sin. Na limistéir faoi chosaint sin, ní hamháin go gcaithfear leo mar oileáin, ach mar chontanam le limistéir uirbeacha níos glaise, agus leanfaidh siad caighdeáin chomhchuibhithe an Aontais.

Tá an dífhoraioisiú ag cur isteach go mór ar an mbithéagsúlacht. Ceann de na príomhbhealaí atá ann chun bithéagsúlacht na talún a chosaint is ea limistéir faoi chosaint a chruthú. Mar sin féin, tá sé deacair limistéir faoi chosaint a chaomhnú i ngiorracht do chathracha truaillithe, sin nó cur isteach ón duine a sheachaint nuair nach bhfuil an timpeallacht neamhdhíobhálach don nádúr. Ní mór dúinn na limistéir chónaitheacha a dhéanamh níos glaise agus iad a chomhtháthú leis an nádúr timpeall orthu.

12. Molaimid go ndéanfar na fóirdheontais chineálacha don talmhaíocht a atreorú

go príomha chuig tionscadail a bhaineann leis an talmhaíocht inbhuanaithe a fhorbairt, agus meas ar an nádúr agus ar oibrithe san áireamh. Ba cheart do na tairbhíthe caighdeáin shoiléire chomhshaoil a chomhlíonadh agus ba cheart faireachán géar a dhéanamh orthu.

Creidimid nár cheart aon chineál talmhaíochta a spreagadh ach amháin an talmhaíocht inbhuanaithe, rud arb é is ciall leis na cistí a úsáidtear d'fhóirdheontais chineálacha faoi láthair a atreorú. Ina theannta sin, d'fhéadfaí éifeachtúlacht na gcistí a úsáidfear a mhéadú trí dhíriú ar thionscadail a dhéanfaidh athrú ó bhonn agus ar réitigh nuálacha, seachas ar íocaíochtaí bliantúla. Ba cheart faireachán níos fearr a dhéanamh ar thionchar éiceolaíoch gníomhaíochtaí talmhaíochta agus na dtionscadal. Ní mór cearta na n-oibrithe a chur san áireamh mar chuid den inbhuanaitheacht.

13. Molaimid go gcinnteoidh an tAontas iomaíochas dílis do tháirgí talmhaíochta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol trí chaighdeáin níos déine a bhunú do tháirgí an Aontais agus do na táirgí a iompórtálfar araon, trí inrianaitheacht, lipéadú agus rialú cáilíochta na dtáirgí sin a chinntiú.

Táirgeadh níos ísle na dtáirgí talmhaíochta inbhuanaithe, bíonn tionchar aige sin ar cé chomh hiomaíoch atá siad ó thaobh costais de. Ba cheart go gcomhlíonfadh na táirgí a iompórtáiltear na caighdeáin dhiana chéanna i dtaca le tionchar éiceolaíocht a dtáirgthe. Tá údarás uainn atá in ann inrianaitheacht na dtáirgí talmhaíochta a iompórtáiltear a chinntiú.

14. Molaimid go ndéanfar foraoisiú agus athfhoraoisiú tapa ar mhórscála san Aontas trí úsáid na talún a uasmhéadú. Ba cheart díriú go speisialta ar athfhoraoisiú a dhéanamh ar fhoraoisí dúshaothraithe nó ar fhoraoisí a scriosadh, sin agus foraoisiú a dhéanamh ar limistéir a bhfuil ithir dhíghrádaithe iontu. Ba cheart réitigh nua níos freagraí a chur chun cinn le húsáid níos fearr a bhaint as adhmaid, e.g. é a chur in ionad plaisteach agus ábhair cheimiceacha eile, éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr ó bhithmhais a chinntiú, agus táirgí adhmaid a athchúrsáil.

Is léir an tionchar dearfach atá ag an bhforaoisiú ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht i gcoitinne. San am céanna, is gá dúinn níos lú adhmaid a úsáid chun tine a chur síos ach i gcás táirgí a bhfuil breisluach ard acu, cuir i gcás táirgí a úsáidtear in áit táirgí plaisteacha, tá úsáid adhmaid fíor-riachtanach.

Foshruth 2.3 Bia sábháilte sláintiúil

15. Molaimid go gcuirfear deireadh tapa céimnitheach le pacáistíocht bhia neamh-inbhuanaithe, pacáistíocht phlaisteach agus pacáistíocht ó ábhair dho-bhith-dhíghrádaithe san áireamh. Molaimid é sin a bhaint amach trí dhreasachtaí airgeadais a chur ar fáil do chuideachtaí a athraíonn chuig pacáistíocht atá go hiomlán bith-dhíghrádaithe, infheistíocht a dhéanamh sa taighde i roghanna malartacha agus pionóis a thabhairt isteach le gearradh ar chuideachtaí nach n-úsáideann pacáistíocht bhith-dhíghrádaithe.

Tá dramhaíl phlaisteach, ó mhicreaphlaistigh go háirithe, ann go flúirseach agus díghrádaíonn sí go mall. Tomhaltas na dramhaíola sin, déanann sé dochar do cháilíocht agus do shábháilteacht an bhia agus, san am céanna, cuireann sé sláinte an duine agus ainmhithe i mbaol. Ina theannta sin, an dlí Eorpach atá ann faoi láthair agus atá dírithe ar phacáistíocht dho-bhith-dhíghrádaithe, ní leor é.

16. Molaimid go gcuirfear deireadh de réir a chéile leis an dianfheirmeoireacht ainmnithe, deireadh a chur le dálaí maireachtála drochmheasúla ainmhithe san áireamh. Molaimid go dtabharfar isteach gnásanna coiteanna don fheirmeoireacht ainmhithe (e.g. líon uasta ainmhithe, spás leordhóthanach lasmuigh) agus infheistíocht níos láidre a dhéanamh i modhanna neamhdhiana (an fheirmeoireacht fairsing agus an fheirmeoireacht inbhuanaithe) trí dhreasachtaí airgeadais agus oiliúint a chur ar fáil d'fheirmeacha chun tacú leis an athrú sin.

Deireadh de réir a chéile a chur leis an dianfheirmeoireacht, laghdóidh sé sin leibhéal an truailithe comhshaoil agus cuirfidh sé leis an gcaomhnú nádúrtha. Thairis sin, deireadh de réir a chéile a chur leis an dianfheirmeoireacht ainmhithe, laghdóidh sé sin an líon cógas a theastóidh chun dul i ngleic le galair in ainmhithe, sin agus cuirfidh sé le cáilíocht ár mbia. Ní éiríonn leis an dianfheirmeoireacht ar ainmhithe folláine na n-ainmhithe a urramú ach tá bealaí níos inbhuanaithe feirmeoireachta ann, cuir i gcás an fheirmeoireacht fairsing, agus tá gá le fóirdheontais chun cuidiú le feirmeoirí na bealaí sin a leanúint.

17. Molaimid go ndéanfar rialú níos déine ar an toirmeasc ar úsáid neamhriachtanach antaibheathach agus drugaí eile d'ainmhithe i mbreiseáin bheathaithe d'ainmhithe: fíoraímis sin! Molaimid nach ndéanfar úsáid antaibheathach a údarú san fheirmeoireacht ach amháin nuair a bhíonn fíorghá leo chun sláinte agus folláine ainmhithe a chosaint, seachas ar bhealach coiscteach. Sa bhreis air sin, is gá níos mó infheistíochta a dhéanamh sa taighde ar antaibheathaigh atá níos éifeachtúla, roghanna malartacha a fhorbairt agus, san am céanna, forbairt a dhéanamh ar an taighde atá ann cheana féin ar antaibheathaigh.

Tá laghdú tagtha ar fhrithsheasmhacht an duine in aghaidh antaibheathach i ngeall go n-itheann siad bia ó ainmhithe ar tugadh antaibheathaigh dóibh. Thairis sin, tá am ag teastáil chun roghanna malartacha feiliúnacha ar antaibheathaigh atá ann cheana a chruthú agus chun a chinntiú go mbeidh feirmeoirí ar an eolas fúthu, sin agus go mbeidh siad réidh chun iad a úsáid. Aithnímid go bhfuil Treoracha Eorpacha ann cheana féin maidir le hantaibheathaigh ach níor cuireadh na Treoracha sin i bhfeidhm ar an gcaoi chéanna ar fud na mBallstát. Ar deireadh, baintear mí-úsáid as drugaí d'ainmhithe ar chúinsí dópála agus, dá bhrí sin, le reachtaíocht níos láidre maidir leis an ábhar, cuirfear feabhas ar fholláine ainmhithe agus cuirfear le cáilíocht a mbeatha.

18. Molaimid go gceanglófar leis an reachtaíocht Eorpach dearbhuithe maidir le húsáid substaintí hormónacha agus suaiteoirí inchríneacha chun bia a tháirgeadh: cineál, méid agus nochtadh an táirge deiridh a úsáideadh. Na táirgí bia go léir, na substaintí sin san áireamh, ní mór lipéid mhionsonraithe a bheith acu ar a gcuid pacáistíochta lena dtaispeántar an fhaisnéis sin agus an fáth ar baineadh úsáid astu. Ina theannta sin, ní mór dúinn dlús a chur leis an taighde ar éifeachtaí substaintí hormónacha agus suaiteoirí inchríneacha ar shláinte an duine.

Ní bhaineann inrianaitheacht le táirgí bia faoi láthair, go háirithe i dtaca le substaintí hormónacha agus suaiteoirí inchríneacha. Measaimid go bhfuil gá le trédhearcacht i dtáirgeadh bia chun cuntasacht a chinntiú. Freisin, ba cheart eolas a bheith ag tomhaltóirí ar cad go díreach atá ina gcuid bia agus ba cheart dóibh a bheith in ann rogha a dhéanamh maidir leis an méid a itheann siad. Anuas air sin, níl taighde leordhóthanach ann maidir leis an tionchar (agus na rioscaí féideartha) a bhaineann le táirgí bia ina bhfuil substaintí hormónacha agus suaiteoirí inchríneacha ar dhaoine nuair a itheann siad na táirgí sin.

19. Molaimid go gcuirfear in aghaidh bia próiseáilte trí cháin a ghearradh ar bhia míshláintiúil agus na cistí a shlógfar a infheistiú i mbia sláintiúil. Molaimid go dtabharfar isteach córas scórála uile-Eorpach do bhia sláintiúil bunaithe ar na cleachtais is fearr sna Ballstáit maidir le lipéadú bia agus tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi airíonna sláinte bia.

Ar an gcaoi sin, is féidir na cistí a shlógfar mar acmhainn chun bearta ardaithe feasachta agus feachtais fógraíochta a fhorbairt, tús áite a thabhairt don bhia sláintiúil san oideachas agus bia míshláintiúil a dhéanamh níos dofheicthe in ollmhargaí. Freisin, nuair a dhéantar infheistíocht i mbia sláintiúil, cuirtear le sláinte ghinearálta na ndaoine, rud a laghdaíonn leibhéal an chaiteachais phoiblí is gá chun dul i ngleic le fadhbanna sláinte arb iad drochnósanna iteacháin is cúis leo. Ina theannta sin, táimid den bharúil go spreagfaidh cáin agus fóirdheontais cuideachtaí chun táirgí bia níos sláintiúla a tháirgeadh.

Sruth 3: Ár ngeilleagar agus ár dtomhaltas a atreorú

Foshruth 3.1 An rótháirgeadh agus an róthomhaltas a rialú

20. Molaimid go ndéanfaidh an tAontas níos mó chun tomhaltóirí a chumasú agus a dhreasú le táirgí a úsáid ar feadh tréimhse níos faide. Ba cheart don Aontas an dífheidhmeacht bheartaithe a chomhrac trí shíneadh a chur le baránta táirgí agus praghas uasta a shocrú do pháirteanna spártha tar éis don bharánta dul in éag. Ba cheart do na Ballstáit go léir buntáiste cánach a thabhairt isteach do sheirbhísí deisiúcháin, mar atá déanta sa tSualainn. Ba cheart a cheangal ar mhonaróirí saolré ionchasach a dtáirgí a dhearbhu. Ba cheart don Aontas faisnéis a sholáthar faoin gcaoi le táirgí a athúsáid agus a dheisiú ar ardán ar líne agus tríd an oideachas.

An tsochaí dhiomailteach aon úsáide atá againne, níl sí inbhuanaithe ó tharla go ngineann sí an iomarca dramhaíola. Trí na bearta molta a chur i bhfeidhm, bogfaimid i dtreo sochaí a athúsáideann, a dheisíonn agus a laghdaíonn na táirgí a úsáidtear inti, rud a laghdóidh an róthomhaltas.

21. Molaimid go gcuirfidh an tAontas caighdeáin mhonaraíochta chomhshaoil níos déine i bhfeidhm agus go gcinnteoidh sé dálaí oibre cothroma tríd an slabhra

táirgthe ina iomláine. Ba cheart caighdeáin táirgthe an Aontais a bheith níos inbhuanaithe, iad comhchuibhithe ar fud na mBallstát agus iad curtha i bhfeidhm ar earraí a iompórtáiltear. Ba cheart caighdeáin shóisialta a chur san áireamh iontu freisin, cuir i gcás pá maireachtála do na hoibrithe a dhéanann na hearraí a tháirgeadh agus caighdeáin mhaithe oibre i monarchana. Táirgí nach gcomhlíonann na caighdeáin sin, ba cheart pionós éigin a ghearradh orthu.

Tá sé tábhachtach caighdeáin mhonaraíochta aonchineálacha chomhshaoil agus shóisialta a bhunú san Eoraip chun a chinntiú go ndéantar na táirgí go léir a tháirgeadh ar bhealach inbhuanaithe. Tá na bearta sin ríthábhachtach chun ár ngeilleagar a atreorú agus chun pátrúin táirgthe cuideachtaí a athrú.

22. Molaimid go dtabharfaidh an tAontas agus na Ballstáit bearta isteach lena gcuirfear srian ar fhógraíocht a dhéanamh ar tháirgí a dhéanann dochar don chomhshaol. Táirgí ag a bhfuil scór íseal inbhuanaitheachta, ba cheart séanadh éigeantach a bheith ag gabháil leis an bhfógraíocht go léir a ndéantar orthu chun a thabhairt le fios go ndéanann siad dochar don chomhshaol. I gcás táirgí nach bhfuil inbhuanaithe ar aon bhealach, ba cheart don Aontas toirmeasc a chur ar fhógraíocht orthu.

Cuireann an fhógraíocht an tomhaltas chun cinn, agus níor cheart táirgí a dhéanann dochar don chomhshaol a chur chun cinn. Ar an gcaoi sin, is lú i bhfad an seans atá ann go gceannóidh daoine táirgí a dhéanann dochar don chomhshaol.

23. Molaimid go gcuirfidh an tAontas i bhfeidhm, agus go leathnóidh sé amach, bonneagar do scéimeanna aisíoca éarlaise le haghaidh na pacáistíochta príomhúla go léir atá déanta de ghloine, plaisteach, alúmanam etc. ar bhealach aonchineálach ar fud an Aontais. Am ar bith is féidir, ba cheart do mhonaróirí na coimeádáin a sheoltar ar ais chucu a athúsáid trí na coimeádáin sin a steiriliú, seachas díreach an t-ábhar a athchúrsáil. Sa bhreis ar choimeádáin do bhia agus deochanna, d'fhéadfaí cineálacha eile buidéal agus coimeádán a chur san áireamh mar chuid den scéim, cuir i gcás buidéil seampú.

Faoi láthair, caitheann tomhaltóirí amach an iomarca pacáistíochta, pacáistíocht a thruaillíonn ár n-éiceachórais agus a dhéanann dochar dóibh. Cuidíonn scéimeanna aisíoca éarlaise chun dramhaíl a laghdú trí shaoránaigh a spreagadh

le pacáistíocht a thabhairt ar ais in ionad í a chaitheamh amach. Tríd an scéim a leathnú amach, úsáidimid níos lú acmhainní agus laghdaímid an méid dramhaíola a tháirgimid.

Foshruth 3.2 Dramhaíl a laghdú

24. Molaimid go gcuirfear chun cinn cur chun feidhme feabhsaithe na mbeartas maidir leis an ngeilleagar ciorclach ar leibhéal na hEorpa, lena ndíreofar ar chorparáidí agus ar shaoránaigh araon, trí dhreasachtaí airgeadais dóibh siúd a chomhlíonann é.

Má laghdaíonn cuideachtaí an fórsa oibre atá acu, má chliseann orthu nó má dhúnann siad go fiú, bheadh go leor daoine dífhostaithe. Trí athoilúint a chur orthu siúd atá dífhostaithe, is éard a bheidh á chur chun cinn againn cleachtais atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de agus, san am céanna, cuirfimid srian leis an dífhostaíocht agus cuirfimid chun cinn an chaoi le geilleagar éagsúlaithe a nuachóiriú.

25. Molaimid go ndéanfaidh an tAontas úsáid pacáistíochta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a rialú (i.e. pacáistíocht atá déanta de tháirgí atá níos marthanaí, oiread agus is féidir) agus/nó úsáid pacáistíochta nach nglacann an méid céanna spáis. Ar an bpacáistíocht sin freisin, beidh faisnéis i bhfoirm cód QR faoi phróiseas athchúrsála agus/nó diúscartha na pacáistíochta a luaite agus a bheidh tú réidh léi.

Ó tharla gurb é an toradh a bheidh ar an moladh sin níos lú pacáistíochta agus nach nginfear an méid céanna dramhaíola agus dá bhrí sin níos lú truaillithe, beidh an comhshaol níos glaine, rud a laghdóidh an lorg carbóin sa deireadh thiar. Ina theannta sin, laghdófar an muirear cánach ar tháirgeoirí.

Foshruth 3.3 Táirgí córa, rochtain chomhionann agus tomhaltas cóir

26. Molaimid go gcuirfidh an tAontas creat dlíthiúil ar bun chun rochtain inacmhainne níos fearr a chinntiú ar tháirgí bia áitiúla ardcháilíochta do thomhaltóirí uile na hEorpa.

Faoi láthair, níl ann do thuiscint uilíoch ar leibhéal an Aontais ar a bhfuil i gceist le bia áitiúil ardcháilíochta. Is gá an bhearna sin a líonadh.

Táirgí ar chaighdeán íseal a iompórtáil isteach, bíonn tionchar díreach diúltach aige sin ar an gcomhshaol. Chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, ní mór dúinn na rudaí go léir is cúis leis a chomhrac, táirgí ar chaighdeán íseal san áireamh: is gá an t-achar iompair a laghdú agus taobhú le táirgí séasúracha.

Tá gealladh faoin moladh seo i ngeall go bhféadfaí é a chur i bhfeidhm ar tháirgí neamhbhia freisin.

27. Molaimid go ndéanfaidh an tAontas an taighde a spreagadh trí scéimeanna cistiúcháin chun táirgí níos inbhuanaithe, níos inacmhainne a thabhairt isteach i margadh na hEorpa. Laistigh den Aontas freisin, ní mór dúinn comhairliúcháin a eagrú leis na saoránaigh ar gach leibhéal den phróiseas cinnteoireachta, an leibhéal áitiúil san áireamh, chun na riachtanais atá orthu maidir le táirgí inbhuanaithe a shainaitint.

Dar linn, tá easpa taighde déanta ar tháirgí inbhuanaithe agus tá géarghá le níos mó cistí a leithdháileadh ar an taighde, rud a thabharfaidh rochtain do mhuintir na hEorpa ar tháirgí inbhuanaithe agus ar tháirgí inbhuanaithe níos inacmhainne.

Ní mór do shaoránaigh a bheith rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta. An clár oibre maidir leis an taighde agus an nuálaíocht, ní mór é a leagan amach i dteannta leis na saoránaigh.

Ní mór saoránaigh a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí leantacha agus ní mór aiseolas a thabhairt dóibh.

28. Molaimid go n-aimseoidh an tAontas sásra rialacháin maidir le táirgí faisin a thagann isteach sa chómhargadh. Is éard a bheadh mar aidhm ag an sásra sin tomhaltas níos fearr a spreagadh a bhuí le táscaire lena dtabharfar ráthaíocht go gcomhlíonann táirge critéir inbhuanaithe.

Déanann earnáil an fhaisin rótháirgeadh ar tháirgí ar chaighdeán íseal lasmuigh de theorainneacha na hEorpa, ní leanann sí gnásanna eiticiúla agus níl sí inbhuanaithe.

Ní mór dúinn teacht ar shásra cóir lena gcumasófar tomhaltas níos fearr i measc tomhaltóirí. Mar sin féin, tá sé tábhachtach gan cáin a ardú, ó tharla go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar thomhaltóirí na hEorpa, rud a laghdódh an

chumhacht cheannaigh atá acu.

Ba cheart an tomhaltóir a bheith ar an eolas faoi na dálaí inar cruthaíodh na táirgí a cheannaíonn siad, sin agus má chomhlíonann siad gnásanna inbhuanaithe cáilíochta.

Sruth 4: Sochaí inbhuanaithe a fhorbairt

Foshruth 4.1 An fuinneamh in-athnuaite anois

29. Molaimid go nglacfaidh an tAontas bearta chun go mbeidh scagairí CO₂ éigeantach, i monarchana guail go háirithe, ar feadh idirthréimhse, fad is go mbíimid go mbeimid go fóill ag brath ar fhuinneamh traidisiúnta. Sa bhreis air sin, molaimid go gcuirfidh an tAontas cúnaimh airgeadais ar fáil do na Ballstáit nach bhfuil na hacmhainní airgeadais acu chun scagairí CO₂ a chur i bhfeidhm. Braitheann an tacaíocht sin ar bheartais an Aontais maidir leis an aeráid a chomhlíonadh, ar beartais iad atá nasctha le Comhaontú Pháras, leis an gComhaontú Glas agus le haon dlí nua maidir leis an aeráid.

Is céim nithiúil é seo a bheidh le glacadh sa bhreis ar an infheistíocht leanúnach sa taighde ar tháirgeadh fuinnimh sábháilte agus chun tacú leis na Ballstáit le spriocanna coiteanna laghdaithe a glacadh cheana a bhaint amach de réir a chéile.

Tá a fhios againn go gcruthaíonn úsáid breoslaí indóite gáis ceaptha teasa agus ní mór do Bhallstáit an Aontais an úsáid a bhaineann siad as an gcineál fuinnimh sin a laghdú chun Comhaontú Pháras a chomhlíonadh. Ó tharla nach féidir linn deireadh a chur le hastaíochtaí CO₂ láithreach bonn, agus i ngeall go mbraithimid go fóill ar ghual, ní mór dúinn bearta gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon a ghlacadh.

I ngeall gur leas coiteann é CO₂ a laghdú, leas a dhéanann difear do na saoránaigh go léir sna Ballstáit agus lasmuigh den Aontas, tá a chuid dualgas féin ar an Aontas ina cháil mar institiúid, is iad sin moltaí a dhéanamh agus réitigh a éascú ó tharla nach féidir leis na Ballstáit na spriocanna sin a bhaint amach agus iad ag gníomhú ina n-aonar.

30. Molaimid go laghdófar dianphórúchán ainmhithe ar mhórsála chun táirgeadh meatáin agus truailiú an uisce a laghdú. Chuige sin, déanfaidh an tAontas athbhreithniú ar an gComhbheartas Talmhaíochta chun fóirdheontais a

stiúradh i dtreo na talmhaíochta inbhuanaithe áitiúla. Tacóidh scéim lipéadaithe leis sin, scéim a chuirfidh ar chumas tomhaltóirí táirgí feola inbhuanaithe a aithint, i measc scéimeanna eile. Sa bhreis air sin, molaimid don Aontas infheistíocht a dhéanamh i modhanna chun ábhar dramhaíola ó tháirgeadh ainmhithe a athúsáid i dtionscail eile.

Tá méadú ag teacht ar an daonra agus is mó an t-éileamh a bheidh ar fheoil amach anseo dá bharr. Dá bhrí sin, ní mór dúinn tomhaltas feola a laghdú.

Ó tharla gurb iad gáis ceaptha teasa is cúis le meatán, creidimid gurb í an talmhaíocht ainmhithe an áit is soiléire le díriú air leis an laghdú a dhéanamh.

Tá a fhios againn go léir gur gá dúinn níos lú feola a ithe, agus dá bhrí sin is gá líon an eallaigh a laghdú.

31. Cé gur próiseas dian ar chostas é hidrigin ghlas a ghiniúint i ngeall gur cheart 75% d'fhuinneamh a tháirgeadh chun 25% de hidrigin a fháil, éilimid gurb iomaí gné dhearfach a bhaineann leis an gcineál fuinnimh sin. Is é an réiteach is fearr a d'fhéadfadh a bheith ann fuinneamh a tháirgeadh gan CO2 fad agus atá hidrigin ghlas á forbairt againn. Ba cheart fuinneamh na gaoithe a úsáid chun hidrigin ghlas a tháirgeadh agus ba cheart don Aontas níos mó infheistíochta a dhéanamh agus táirgeadh fuinneamh na gaoithe a mhéadú, sin agus an fuinneamh a stóráil do na riachtanais a bheidh ann amach anseo.

Tá hidrigin ghlas solúbtha agus is féidir linn í a stóráil agus nuair atá an t-éileamh ann, is féidir linn an fuinneamh sin a úsáid. Ní bhaineann aon truailliú CO2 leis.

Foshruth 4.2. Tacaíocht a thabhairt don athrú

32. Molaimid go gcuirfidh an tAontas córas iallaigh agus luaíochta ar bun chun an truailliú a chomhrac, cuir i gcás truailliú an uisce, na hithreach, an aeir agus truailliú ó radaíocht. Fíneálacha a ghearradh ar údair an truailithe, chomh maith le tacaíocht éigeantach ó shaineagraíocht a bheidh deartha go speisialta chun cuidiú le heintitis an truailliú a dhíothú agus an t-éiceachóras a athbhunú. Ba cheart ról ceannasach a bheith ag an eagraíocht sin maidir le leibhéal an truailithe a chosc agus smacht a choinneáil air.

Tá sé tábhachtach dualgais údair an truailithe a chur i dtábhacht, sin agus eintitis a spreagadh chun an truailliú a laghdú agus iad ag iarraidh truailliú nialasach a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach pláinéad sláintiúil a bheith

againn i ngeall go bhfuil sé sin nasctha go díreach lenár bhfolláine féin agus leis an saol a bheidh againn amach anseo.

33. Molaimid go gcuirfidh an tAontas ar bun suíomh gréasáin/ardán ar leith a bheidh fíoraithe ag an iliomad saineolaithe ar a gcuirfear ar fáil faisnéis éagsúil eolaíoch maidir leis an gcomhshaol agus ar a ndéanfar nuashonrú go tráthrialta. Beidh sé éasca do shaoránaigh rochtain a fháil air agus beidh sé trédhearcach freisin. Beidh an suíomh gréasáin/an t-ardán nasctha le fóram ar a mbeidh saoránaigh agus saineolaithe in ann idirghníomhú lena chéile. Molaimid go láidir freisin feachtas ar na meáin a thosú chun an suíomh gréasáin/an t-ardán sin a chur chun cinn (cuir i gcás trí chainéil ar na meáin shóisialta amhail YouTube, TikTok, LinkedIn).

Is gá go mbeidh na saoránaigh go léir in ann teacht ar fhoinsí faisnéise neamhspleácha bunaithe ar an eolaíocht chun tuiscint a fháil ar shaincheisteanna maidir leis an athrú aeráide (na hiarmhairtí a ghabhann leis agus na céimeanna is gá chun é a thiontú thart), sin agus chun an bhréagnuacht a láimhseáil. Cuirfidh an feachtas sin ar na meáin ar an eolas iad go bhfuil ann don ardán/an suíomh gréasáin sin. Tá sé tábhachtach freisin go bhféadfadh na saoránaigh go léir tuiscint uilíoch a bhaint as an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil ar an suíomh gréasáin/ardán, le naisc chuig foinsí an ábhair dóibh siúd ar mian leo tuilleadh eolais a fháil faoi.

34. Molaimid go laghdóidh an tAontas líon na n-earraí a iompórtáiltear nach gcomhlíonann caighdeáin an Aontais i dtaca lena lorg éiceolaíoch.

Tríd an méid sin a dhéanamh, déanfaimid deimhin de go mbeidh lorg níos glaise ag na hearraí a iompórtáiltear isteach san Aontas. Is é an aidhm atá ann an truailliú domhanda a laghdú. Tá sé tábhachtach freisin a léiriú do thíortha cé na caighdeáin is ceart a bhaint amach más mian leo earraí a easpórtáil chuig an Aontas.

35. Molaimid go ndéanfaidh an tAontas idirphlé maidir leis an athrú aeráide a spreagadh, a chur chun cinn agus a éascú idir gach leibhéal den phróiseas cinnteoireachta, ón leibhéal is áitiúla (na saoránaigh) go dtí an leibhéal domhanda (náisiúnta, idirnáisiúnta, ilchríochach) chun na rudaí is ábhar imní do na páirtithe go léir ar a bhfuil tionchar aige a cheansú.

Is iad an t-idirphlé agus an comhaontú na bealaí is fearr chun na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide a láimhseáil: má bhíonn tuiscint ag na páirtithe ar a chéile, is mó an fonn a bhíonn ann teacht ar chomhdhearcaidh.

Foshruth 4.3 Iompar atá neamhdhíobhálach don chomhshaol

36. Molaimid go gcuirfidh an tAontas tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun feabhas a chur ar nascacht na gceantar tuaithe. Ba cheart é sin a dhéanamh trí líonra iompair phoiblí Eorpach a fhorbairt, é bunaithe ar phraghsanna inacmhainne (lena dtabharfar tús áite don iarnród) agus le dreasachtaí chun úsáid a bhaint as iompar poiblí. Chuige sin, ba cheart nascacht idirlín a fhorbairt freisin i gceantair thuaithe laistigh de thréimhse ama ghearr réalaióch.

Molaimid an méid sin i ngeall nach bhfuil comhionannas rochtana ar iompar poiblí agus ar nascacht idirlín idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha. Bhainfeadh neart le comhthionscadal Eorpach ó tharla go mothódh na saoránaigh go léir go bhfuil na cearta céanna acu. Líonra iompair phoiblí níos fearr agus nascacht idirlín, is dá rud iad sin a spreagfadh daoine le cur fúthu i gceantair thuaithe. Laghdódh an próiseas sin an truailliú i ngeall gur lú daoine a bheadh ina gcónaí i gcathracha plódaithe.

37. Na bonneagair iompair atá ann cheana ach nach mbaintear úsáid astu a thuilleadh, molaimid go gcuirfear feabhas orthu sin nó ar na cinn ar féidir feabhas a chur orthu go fóill ó thaobh na héiceolaíochta de (chun traenacha leictreacha a chur i bhfeidhm). Ba cheart a leithéid de phróiseas a leanúint chun nach ndéanfaí damáiste do limistéir chomhshaoil faoi chosaint.

Trí fheabhas a chur ar an mbonneagar atá ann cheana, ní bhainfí úsáid as an iomarca acmhainní agus ní dhéanfaí damáiste do limistéir faoi chosaint atá tábhachtach do chaomhnú na bithéagsúlachta. Is é an toradh a bheadh ar bhonneagar iarnróid níos fearr a bheith againn go dtiocfadh laghdú ar astaíochtaí CO₂, sin agus méadú ar shoghluaisteacht an daonra ó cheantair uirbeacha go dtí ceantair thuaithe.

38. Molaimid go gcuirfidh an tAontas chun cinn ceannach na bhfeithiclí leictreacha a chomhlíonann caighdeáin mhaithe maidir le saolré ceallraí. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí dhreasachtaí an Aontais ag a mbeadh feidhm sna Ballstáit go léir agus trí fheabhas a chur ar bhonneagair leictreacha. San am céanna, ba cheart don Aontas infheistíocht a dhéanamh chun teicneolaíochtaí neamhthruaillitheacha a fhorbairt, cuir i gcás bithbhreoslaí agus hidrigin do na feithiclí sin nach bhfuil éasca a leictriú, cuir i gcás báid agus leoraithe.

Molaimid an méid sin i ngeall gurb é an leictreachas an bealach is tapa le hastaíochtaí ó fheithiclí a laghdú, sin agus foinsí fuinnimh eile, cuir i gcás hidrigin agus bithbhreoslaí. Gan amhras, is é an leictreachas an réiteach is tapa, is eacnamaíche agus is féideartha, agus tagann bithbhreoslaí ina dhiaidh. San fhadtéarma, ba cheart ról comhlántach a bheith ag hidrigin le go gclúdfáí modhanna iompair nach féidir a leictriú.

Sruth 5: Cúram do chách

Foshruth 5.1: An córas cúraim sláinte a atreisiú

39. Molaimid go gcosnóidh an tAontas comhchaighdeáin sláinte, ach freisin go mbeidh sé meáite ar thuarastal íosta fóna, ar líon uasta uaireanta oibre agus ar na caighdeáin oiliúna céanna do na deimhnithe céanna a thabhairt isteach do ghairmithe cúraim sláinte ar fud an Aontais Eorpaigh.

Mura bhfuil comhchaighdeáin cúraim sláinte, an tuarastal céanna agus an oiliúint chéanna againn d'oibrithe cúraim sláinte, d'fhéadfadh sé go mbeadh staideanna éagothroma ar fud an Aontais Eorpaigh ann de bharr difríochtaí idir na Ballstáit. D'fhéadfadh caighdeánú ar chúram sláinte cuidiú chun córas atá níos láidre, níos éifeachtúla agus níos athléimní a bheith againn (i.e. Is sampla é géarchéim COVID de chobhsaíocht ár gcóras). D'éascódh sé freisin comhroinnt eolais agus faisnéise in earnáil ghairmiúil an chúraim sláinte.

40. Molaimid go gcinnteoidh an tAontas go mbainfidh cáilíocht chomhionann le cóireálacha ar fud an Aontais, sin agus go mbeidh fáil orthu ar chostas atá cóir go háitiúil. D'fhéadfaí sin a chinntiú, mar shampla, dá gcuirfí síneadh le hinniúlachtaí na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA), sin nó dá

gcruthófaí gníomhaireacht shaincheaptha soláthair Eorpach nua a bheadh in ann idirbheartaí a dhéanamh chun praghsanna níos feiliúnaí a fháil ar chógais do na Ballstáit go léir. An baol go mbeidh monaplachtaí ann sa tionscal cógaisíochta, ní mór é sin a íoslaghdú.

Le soláthair chomhionann agus cóireálacha cothroma leighis, dearbhaítear cearta cothroma do shaoránaigh uile na hEorpa san Aontas i dtaca le cúrsaí sláinte. Cinntíonn inniúlachtaí méadaithe ceannaigh go mbíonn margaí soláthair níos fearr ann. Mar sin féin, níor cheart struchtúir mhonaplachta agus stocaireacht chógaisíochta a bheith mar thoradh air sin. Sampla maith de bhainistíocht sláinte chomhoibríoch an Aontais Eorpaigh trí chéile ab ea an bhainistíocht a rinneadh ar ghéarchéim COVID.

41. Molaimid go gcruthófar bunachar sonraí Eorpach um chúram sláinte ina mbeadh fáil ar thaifid leighis i gcásanna éigeandála nó tinnis. Ba cheart an rannpháirtíocht a bheith roghnach agus ba cheart cosaint sonraí a chinntiú.

A bhuí le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí, is féidir freagairt go pras ar staideanna a d'fhéadfadh daoine a chur i mbaol a mbáis. Tá an haiceáil nó an mhí-úsáid ina mbagairtí ar chóras bunachair sonraí Eorpach um chúram sláinte. Mar sin is gá go mbeadh na sonraí sábháilte, go mbeadh rannpháirtíocht ann roghnach, agus ar ndóigh go gcuirfí cosc ar bhagairtí a bhaineann le cúrsaí slándála.

42. Molaimid go ndéanfaidh an tAontas tuilleadh forbartha ar an taighde sláinte agus na cláir nuálaíochta atá ann cheana, sin agus go ndéanfaidh sé iad a shioncronú faoi mar a dhéantar i gcreat an chláir Fís Eorpach atá ann cheana. Ba cheart torthaí acadúla a chur ar fáil go héasca sna Ballstáit go léir.

Comhar eolaíoch ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfadh sin inniúlachtaí eolaíoch agus eolas taighdeoirí aonair a shaibhriú. D'fhéadfadh sé, mar shampla, gurb é an toradh a bheadh ar chomhroinnt eolais diagnóis níos luaithe agus cóireálacha níos fearr, dhá rud a laghdódh drochthinnis agus tinnis mharfacha ar fud na hEorpa. Chothódh sé freisin neamhspleáchas Eorpach maidir le cógais agus trealamh.

43. Molaimid go méadóidh an tAontas an buiséad atá tiomnaithe do thionscadail

chomhpháirteacha taighde agus nuálaíochta i réimse na sláinte (gan an buiséad atá ag cláir eile de chuid an Aontais a bhaineann le cúrsaí sláinte a ghearradh). Neartóidh sé sin freisin institiúidí eolaíocha agus taighde na hEorpa trí chéile.

I ndeireadh na dála, an taighde agus infheistíochtaí a bhaineann le sláinte, neartóidh siad an mhíochaine choisctheach agus laghdóidh siad na costais a bhaineann le sláinte. D'fhéadfadh níos mó cistithe laghdú a dhéanamh ar imirce daoine oilte ón Eoraip chuig tíortha forbartha eile ag a bhfuil buiséid níos mó don taighde agus don fhorbairt sa tsláinte. Níor cheart an cistiú sin a theacht as acmhainní airgeadais atá ann cheana don chúram sláinte.

Foshruth 5.2 Tuiscint níos leithne ar an tsláinte

44. Molaimid go gcuirfead seachtain na sláinte ar bun mar thionscnamh de chuid an Aontais ar fud na mBallstát sa tseachtain chéanna agus go bpléifear le saincheisteanna sláinte agus go ndíreofar go speisialta ar an meabhairshláinte lena linn. Le linn na seachtaine, clúdófar na príomhábhair maidir leis an meabhairshláinte i dteannta a chéile agus cuirfead chun cinn iad. Reáchtálfar í in éineacht le tionscnaimh eile atá ann cheana, cuir i gcás na cinn a reáchtálann an eagraíocht Mental Health Europe.

Molaimid an méid sin mar ba cheart go mothódh saoránaigh uile na hEorpa go nglactar leo agus go bhfuil siad mar chuid den Eoraip, go háirithe má bhíonn siad thíos le fadhbanna meabhairshláinte. Ina theannta sin, is gá feachtas maidir le riochtaí meabhairshláinte a normalú agus a fheabhsú, agus is gá freisin saincheisteanna gaolmhara sóisialta a chosc, cuir i gcás an t-idirdhealú. Thairis sin, ó tharla go bhfuil méadú tagtha ar fhadhbanna meabhairshláinte de thoradh na paindéime, agus go bhféadfadh sé go dtiocfadh méadú eile orthu go fóill, is tábhachtaí arís an tionscnamh sin.

45. Molaimid gan caitheamh a thuilleadh le táirgí sláintíochta na mban mar tháirgí só i dtaca le cúrsaí cánach ó tharla gur táirgí éigeantacha iad. Molaimid freisin go ngearrfar an gnáthráta cánach do chóireálacha leighis ar tháirgí frithghiniúna hormónaí a mbaintear úsáid astu ar chúinsí míochaine, mar shampla i gcásanna fibrimialge agus inmheatróise. Molaimid freisin go spreagfaidh an tAontas comhchuibhiú ar chóireálacha frithghiniúna le cuidiú

míochaine do gach bean (bíodh sí singil nó pósta) ar fud na mBallstát.

I dtíortha áirithe san Eoraip gearrtar cáin ar tháirgí sláintíochta na mban mar a bheadh táirgí só iontu, agus is éagórach an rud é sin. Baintear úsáid as frithghiniúintí hormónacha áirithe ar chúinsí míochaine agus, dá bhrí sin, ba cheart cáin a ghearradh orthu dá réir. Ó tharla go bhfuil critéir incháilitheachta éagsúla ann sna Ballstáit maidir le cóireálacha atáirgthe na mban, cuir i gcás Toirchiú In Vitro agus modhanna reoite uibheacha, ní mór don Aontas iarracht a dhéanamh na critéir sin a chomhchuibhiú.

46. Molaimid go nglacfaidh an tAontas seasamh láidir maidir le cur ina luí ar na Ballstáit go léir saincheisteanna maidir leis an meabhairshláinte agus leis an oideachas gnéis a chuimsiú i gcuraclam na scoileanna, de réir mar is iomchuí. Chun cuidiú leis na Ballstáit saincheisteanna mar sin a chur san áireamh ina gcuraclaim, ba cheart don Aontas clár caighdeánach maidir le saincheisteanna meabhairshláinte agus gnéis a fhorbairt agus a chur ar fáil.

Is gá idirdhealú agus geasa a laghdú maidir le saincheisteanna meabhairshláinte. Is gá freisin an mhífhaisnéis agus cur chuige neamheolaíoch a sheachaint. Thairis sin, tá an t-oideachas gnéis bunriachtanach do shaol agus do phobal sláintiúil, agus déanann sé fadhbanna amhail toircheas i measc déagóirí a chosc.

47. Molaimid go bhforbróidh an tAontas córas cumarsáide níos fearr do na tionscnaimh go léir atá aige i dtaca leis an meabhairshláinte laistigh de na Ballstáit agus do na saoránaigh go léir, go háirithe an Tairseach Sláinte Poiblí maidir le dea-chleachtas. D'fhéadfadh Feisirí Parlaimint na hEorpa na dea-chleachtas sin a chur i láthair a chéile chun go mbeadh tuiscint níos fearr orthu ar fud na mBallstát.

Níl go leor eolais ag saoránaigh maidir le tionscnaimh an Aontas agus má chomhroinnimid dea-chleachtas lena chéile beimid in ann foghlaim óna chéile.

Foshruth 5.3 Rochtain chomhionann ar chúram sláinte do chách

48. Molaimid go socróidh agus go gcuirfidh an tAontas chun cinn caighdeáin íosta maidir le cúram fiaclóireachta ardchaighdeáin, próifíolacsas san áireamh, sna

Ballstáit go léir. Ba cheart cúram fiaclóireachta saor in aisce a chur ar fáil do pháistí, do ghrúpaí íseal-ioncaim agus do ghrúpaí leochaileacha eile. I gceann 15-20 bliain, ba cheart don Aontas a chinntiú go mbeidh cúram fiaclóireachta inacmhainne ar fáil do chách.

Molaimid an méid sin i ngeall nach bhfuil cúram fiaclóireachta inacmhainne do go leor daoine atá ina gcónaí san Aontas. Easpa cúraim fiaclóireachta agus próifíolacsais fiaclóireachta, déanann sé dochar don tsláinte agus d'ionchais saoil. Ba cheart don Aontas tús a chur leis an bpróiseas trí chaighdeán íosta a shocrú do chúram fiaclóireachta trí chúram fiaclóireachta a dhearbhu do pháistí agus do ghrúpaí íseal-ioncaim. Sa deireadh thiar, ba cheart gach duine a bheith i dteideal cúraim sláinte fiaclóireachta ar ardchaighdeán.

49. Molaimid go gcuimseofar an tSláinte agus Cúram Sláinte i measc na n-inniúlachtaí comhroinnte idir an tAontas agus na Ballstáit. D'fhonn an inniúlacht chomhroinnte nua sin a chur san áireamh, is gá leasú a dhéanamh ar Airteagal 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Molaimid an méid sin ó tharla nach bhfuil a dhóthain inniúlachtaí ag an Aontas faoi láthair chun cúram sláinte a reachtú. Léirigh paidéim COVID-19 a riachtanaí atá láithreach níos láidre de chuid an Aontais maidir le beartais sláinte. Leis an athrú sin ar an gConradh, beidh an tAontas in ann níos mó a dhéanamh chun cúram sláinte a chinntiú do shaoránaigh uile an Aontais agus chun rialacháin cheangailteacha agus cinntí ceangailteacha a eisiúint.

50. Molaimid go bhforbróidh an tAontas cúrsaí maidir le garchabhair agus go gcuirfear ar fáil saor in aisce do shaoránaigh uile an Aontais iad. Ba cheart don Aontas a mhachnamh a dhéanamh i dtaca leis na cúrsaí sin a bheith éigeantach do mhic léinn agus don láthair oibre (san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon). Ní mór do na cúrsaí sin a bheith praiticiúil, a bheith curtha ar siúl ar bhonn rialta agus a bheith curtha in oiriúint d'aois na mac léinn. Ba cheart líon íosta dífhibrileoirí a chur ar fáil in áiteanna poiblí sna Ballstáit go léir freisin.

Molaimid an méid sin i ngeall nach bhfuil go leor daoine san Aontas réidh le cabhair a thabhairt do dhaoine eile nuair is gá agus níl scileanna garchabhrach ar a dtoil acu. Sin é an fáth a gcailltear go leor daoine. Níl fáil ar dhífhibrileoirí i roinnt áiteanna poiblí.

51. Molaimid go gcinnteoidh an tAontas nach mbainfidh soláthraithe cúraim sláinte phríobháidigh leas éagothrom as cistí poiblí, sin agus nach mbainfidh siad acmhainní de chórais sláinte poiblí. Ba cheart don Aontas moltaí láidre a eisiúint do na Ballstáit chun an cistiú don chúram sláinte poiblí a mhéadú.

Molaimid an méid sin i ngeall go bhfuil oibleagáid ar an Aontas agus ar na Ballstáit rochtain ar chúram sláinte a chinntiú dá saoránaigh go léir. D'ainneoin sin, nuair atá córas cúraim sláinte poiblí níos láidre againn, is fearr a bheimid réidh do phaindéimí eile amach anseo.

Iarscríbhinn: MOLTAÍ EILE A PHLÉIGH AN PAINEÁL ACH NÁR GLACADH

Sruth 1: Slite maireachtála níos fearr

Foshruth 1.1 Stíleanna maireachtála sláintiúla

Molaimid go n-eiseoidh an tAontas moladh chuig na Ballstáit go léir maidir leis na dea-chleachtais chun toirmeasc a chur ar fhógraíocht de gach saghas a dhéanamh ar alcól agus ar thobac, sin nó srian a chur léi ar gach cineál meán do gach aoisghrúpa, ach ag díriú go príomha ar dhaoine óga. Ba cheart don Aontas a chinntiú go gcuirfear dlíthe i bhfeidhm lena gcuirfear srian ar na táirgí sin a dhíol do dhaoine faoi aois. Ba cheart do na Ballstáit go léir dlíthe a chur i bhfeidhm, agus pionóis ag gabháil leo, maidir le tobac a chaitheamh in áiteanna poiblí, in áiteanna oideachasúla go háirithe, sin agus limistéir shainithe caite tobac a chruthú.

Ní féidir stíleanna maireachtála míshláintiúla a chur i bhfógraíocht agus ba cheart dóibh a bheith níos dofheicthe sa saol poiblí. Thairis sin, tá an t-alcól agus an tobac i measc na substaintí is díobhálaí dá bhfuil ann agus, leis an moladh sin, cuirfear cosc ar thomhaltas mí-úsáideach na substaintí sin.

Molaimid go dtacóidh an tAontas leis na Ballstáit ceachtanna maidir le cócaireacht a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe sláintiúil blasta a chur san áireamh i gcuraclaim náisiúnta. Is féidir leis an Aontas tacú leis sin trí threoracha faoin gcócaireacht shláintiúil a chur ar fáil ar líne agus i gcló. Ba cheart fógraíocht réamhghníomhach a dhéanamh ar na treoracha sin sna meáin thraidisiúnta agus ar na meáin shóisialta chun dul i bhfeidhm ar dhaoine óga. Ba cheart dúinn freisin oideachas a chur ar thuismitheoirí le go mbeidh siad in ann foghlaim faoi na bealaí is fearr le bia a úsáid chun stíl mhaireachtála shláintiúil a leanúint. Ba cheart taighde spreagúil saibhir a dhéanamh sa réimse sin.

Chuirfeadh cúrsaí cócaireachta agus cothaithe feabhas ar shláinte na hóige agus chuirfeadh siad in aghaidh mearbhia a ithe. Nuair a chuirtear oideachas ar pháistí, is féidir leo an méid a fhoghlaimíonn siad a thabhairt ar ais chuig a dtuismitheoirí. Thairis sin, trí oideachas a chur ar thuismitheoirí maidir le stíleanna maireachtála sláintiúla, thabharfaí sampla maith do pháistí.

Molaimid go gcuirfear dlús le feachtas poiblí an Choimisiúin Eorpaigh 'HealthyLifestyle4All' maidir le stíleanna maireachtála sláintiúla agus na buntáistí a bhaineann le gníomhaíochtaí sóisialta trí úsáid a bhaint as samplaí nithiúla agus as cur chuige iomlánaíoch. Ba cheart feachtais faisnéise a dhíriú ar spriocghrúpaí atá struchtúrtha go maith, agus ba cheart bealaí iomchuí cumarsáide a roghnú i dtaca leis na spriocghrúpaí ar leith. Thairis sin, tá sé tábhachtach freisin córais luaíochta agus dreasachtaí a chur ar fáil chun iompar dearfach a chur chun cinn. Ba cheart tionchairí, daoine cáiliúla nó daoine údarásacha a bheith rannpháirteach sna feachtais. Cuirfidh siad i dtábhacht na buntáistí atá ann don tsláinte, don chomhshaol agus don aeráid araon. Thairis sin, ba cheart fóirdheontais a chur ar fáil do spórt poiblí saor in aice sna Ballstáit go léir.

Tá tionchar dearfach ag stíleanna maireachtála níos sláintiúla ar an gcóras cúraim sláinte trí fhadhbanna sláinte a laghdú. Tá tionchar ag an tsláinte fhisiciúil ar mheabhairshláinte agus ar shonasa daoine. Níl go leor airde ar na feachtais atá ann faoi láthair. Is éifeachtúla agus is spreagúla a bhíonn na feachtais sin nuair a bhíonn eiseamláirí agus tionchairí rannpháirteach iontu.

Molaimid go reáchtálfar feachtas faisnéise maidir le bia sláintiúil agus cothabháil. Ba cheart don Aontas cáin níos airde a ghearradh ar fheoil agus ar shiúcra, cáin a bheadh le glacadh ag na Ballstáit. Ba cheart don Aontas féachaint ar bhealaí chun bia sláintiúil agus bia míshláintiúil a scaradh óna chéile agus iad a chur i réimsí CBL éagsúla. Molaimid go gcuirfear fógraí rabhaidh atá an-soiléir ar bhia atá thar a bheith míshláintiúil (cuir i gcás táirgí tobac). Anuas air sin, molaimid go dtabharfar isteach scór cothabhála uile-Eorpach, le faisnéis ábhartha agus cód QR chun go mbeidh tomhaltóirí in ann cinntí níos eolaí a dhéanamh. Ba cheart féachaint ar roghanna chun go mbeidh bia sláintiúil níos saoire ná dramhbhia, sin agus é a dhéanamh níos tarraingtí d'fheirmeoirí táirgí sláintiúla a tháirgeadh.

Bia sláintiúil, sin an rud is bunús do stíleanna maireachtála sláintiúla. Ní mór aghaidh a thabhairt ar thaobh an táirgthe agus ar thaobh an tomhaltóra araon. Bíonn tionchar dearfach freisin ag táirgeadh táirgí sláintiúla ar an gcomhshaol, agus d'fhéadfaidís tacú le feirmeoirí áitiúla. Dá ndéanfaí níos mó bia sláintiúil a tháirgeadh, thiocfadh laghdú ar phraghsanna agus méadú ar an éileamh.

Foshruth 1.2 Oideachas faoin gComhshaol

Molaimid go gcuirfidh an tAontas ar bun scéim cistiúcháin chun dreasachtaí a thabhairt chun clár fadtéarmach faoin gcomhshaol a thabhairt isteach i gcórais náisiúnta oideachais do pháistí sa bhunscoil agus sa mheánscoil. Mar chuid den scéim, ba cheart cistí a chur i leataobh do thuismitheoirí a bhfuil cúnamh airgeadais uathu.

Níl dóthain gnéithe praiticiúla mar chuid de na córais oideachasúla atá againn faoi láthair lena gcuirtear chun cinn idirghníomhaíochtaí díreacha doimhne idir páistí agus an comhshaol. Na cláir atá ann faoi láthair, agus a cuireadh le chéile bunaithe ar dhearcadh gearrthéarmach, is cláir aonfhoirmeacha iad agus ní éiríonn leo na hathruithe is gá i ndearcachaí an duine a chur chun cinn. Ba cheart cuidiú le thuismitheoirí chun a chinntiú gur féidir le gach páiste an leas céanna a bhaint as an gclár, sin agus nach bhfágfar aon pháiste ar lár mar gheall ar chúinsí airgeadais.

Sruth 2: Ár gcomhshaol agus ár sláinte a chosaint

Foshruth 2.1 Comhshaol nádúrtha sláintiúil

Molaimid go gcuirfear chun feidhme láithreach bonn an caighdeán is fearr agus is féidir maidir le cáilíocht uisce ar fud an Aontais. Chun uisce a shábháil, molaimid córas luaíochta a bheidh bunaithe ar phraghsáil uisce ar bhealach a spreagar níos lú tomhaltais agus a dtabharfar dreasachtaí, e.g.: (1) trí chóras dinimiciúil a chruthú lena spreagar tomhaltóirí le fanacht faoin meánmhéid uisce a úsáidtear i gcoitinne (i.e. más mó ná ardú 10% an méid uisce a úsáidtear, méadófar an praghas 11%), (2) trí chóras margaidh lamháltas a chruthú d'uisce a dhéanann cuideachtaí monaraíochta a thruailliú, ar córas é a bheidh cosúil leis an gceann atá i bhfeidhm cheana maidir le margadh na gceadúnas carbóin.

Tá an moladh seo bailí mar go spreagfadh praghsanna méadaitheacha na húsáideoirí go léir le cinntí níos comhfhiosaí a dhéanamh maidir lena dtomhaltas uisce. Mar gheall ar na cúinsí éagsúla sna Ballstáit, agus ó tharla gurb é is aidhm dúinn córas atá cothrom go sóisialta a bheith againn, is féidir linn tacú le daoine níos boichte lena mbainistiú uisce trí chomh-infheistíocht a dhéanamh sa

bhonneagar uisce agus sa taighde.

Sruth 3: Ár ngeilleagar agus ár dtomhaltas a atreorú

Foshruth 3.1 An rótháirgeadh agus an róthomhaltas a rialú

Molaimid go ngearrfaidh an tAontas fíneálacha ar chuideachtaí a chaitheann amach táirgí nár díoladh mar gheall ar an rótháirgeadh.

I gcásanna áirithe, is brabúsaí atá sé do chuideachtaí áirithe táirgí nár díoladh a chaitheamh amach in ionad iad a athchúrsáil nó a athúsáid. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach cur in aghaidh an rótháirgthe trí fhíneálacha a ghearradh chun nach mbeidh an cleachtas sin brabúsach do tháirgeoirí a thuilleadh.

Foshruth 3.2 Dramhaíl a laghdú

Molaimid go bhforbróidh an tAontas beartas bainistithe dramhaíola do theaghlaigh/saoránaigh agus go cuirfidh sé i bhfeidhm é agus go ndíreofar ann ar an bhfíor-mhéid dramhaíola a ghineann siad. Déanfar an beartas a chomhlánú trí na bearta is gá chun feasacht na saoránach a dhíriú ar na leasanna a bhaineann leis an méid dramhaíola a ghintear a laghdú agus le bailiúcháin dramhaíola ar leith. Bearta lena ndíreofar ar theaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste go sóisialta (e.g. teaghlaigh óga le páistí, daoine scothaosta, etc.), beidh siad le cur i bhfeidhm freisin, ar aon dul leis an bprionsabal nach bhféadfar aon duine chun deiridh.

Tá sé d'aidhm aige cur chuige aonfhoirmeach a fhorbairt maidir le bainistiú dramhaíola i dteaghlaigh, sin agus éascaíonn sé cosaint an chomhshaoil trí laghdú na dramhaíola. Sa bhreis air sin, spreagann sé an geilleagar ciorclach agus déanann sé éifeachtúlacht bailithe dramhaíola a mhéadú. Sa deireadh thiar, ardaíonn sé feasacht daoine agus braistint na freagrachta as an gcomhshaol.

Molaimid go gcuirfidh an tAontas chun cinn iomaíochas an mhargaidh shaoir

agus go spreagfaidh sé an earnáil phríobháideach chun go mbeidh baint níos gníomhaí aici le cóireáil uisce, fuíolluisce san áireamh, sin agus le gníomhaíochtaí uaschúrsála agus athchúrsála.

Is é leibhéal an Aontais an leibhéal ceart chun an moladh sin a chur i bhfeidhm ó tharla go ndéanann sé comhlánú ar an Treoir Réime Dramhaíola agus ar an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach. Ina theannta sin, nuair a chuirfear an moladh i bhfeidhm tiocfaidh méadú ar líon na réiteach nuálach i mbainistiú dramhaíola agus cuirfidh sé le cáilíocht bainistithe dramhaíola, chomh maith leis an méid dramhaíola ar a ndéanfar cóireáil i ngeall go nglacfaidh níos mó cuideachtaí páirt sna gníomhaíochtaí sin.

Foshruth 3.3 Táirgí córa, rochtain chomhionann agus tomhaltas cóir

Molaimid go n-athlonnófar tionscail laistigh den Aontas chun táirgí córa ardcháilíochta a chur ar fáil agus chun dul i ngleic le saincheisteanna aeráide.

Tá saineolas ag an Aontas agus is ceart é sin a chur chun cinn ina mhargadh féin. Mar gheall ar dhí-chomhchruinniú na dtionscal lasmuigh den Aontas, san Áise go príomha, déantar roinnt inniúlachtaí gairmiúla a dhí-chomhchruinniú freisin. Baineann an moladh seo le hoiliúint ghairmiúil a chur ar oibrithe na hEorpa. Áitimid gur gá an dí-chomhchruinniú a sheachaint idir Ballstáit éagsúla chun an iomaíocht éagórach a sheachaint.

Is éard atá tugtha faoi deara againn go bhfuil tionchar ag an dí-chomhchruinniú tionscal ar thionscail na hEorpa. Mar sin de, is é an toradh a bheidh ar an táirgeadh áitiúil saoránaigh agus comhshaol níos sláintiúla.

Sruth 4: Sochaí inbhuanaithe a fhorbairt

Foshruth 4.3 Iompar atá neamhdhíobhálach don chomhshaol

Molaimid go ngearrfar pionóis nó go mbronnfar fóirdheontais ar chathracha, ag brath ar fheidhmíocht a n-iompair phoiblí maidir leis an gcomhshaol agus leis an truailliú (feithiclí leictreacha, iompar poiblí glas, bealaí do choisithe a chur isteach, úsáid rothar a spreagadh, etc.). Pionóis nó fóirdheontais atá dírithe ar údaráis áitiúla, ba cheart iad sin a chur i bhfeidhm bunaithe ar

athruithe a chuireann cathracha i bhfeidhm i dtaca leis an iompar éiceolaíoch go háirithe, sin agus an túsphointe a bhí acu a chur san áireamh. Trí bhíthin na reachtaíochta, is ceart don Aontas roinnt táscairí feidhmíochta a bhunú maidir le bearta truaillithe agus an laghdú comhréireach. Ba cheart an méid sin a dhéanamh agus an túsphointe atá ag gach cathair á chur san áireamh.

Molaimid an méid sin i ngeall ar an tionchar atá ag truailliú an aeir sna cathracha, rud as n-eascaíonn fadhbanna sláinte áirithe. Dá ndéanfaí iompar glas a fhorbairt, chuirfí feabhas ar shaol agus ar shláinte daoine agus laghdófaí an iarmhairt ceaptha teasa. Is bearta éifeachtacha iad fóirdheontais agus pionóis chun athruithe a chur chun cinn agus cuidíonn siad chun dul in oiriúint do na staideanna difriúla atá ann cheana i gcathracha éagsúla.

Molaimid go gcuirfidh reachtaíocht an Aontais srian ar úsáid eitiltí achair ghearr agus ar úsáid long crúsála achair ghearr. Ní mór roghanna malartacha éiceolaíocha a chur ar fáil do dhaoine maidir leis an iompar. Caighdeánú na n-iarnród chun príomhchathracha na hEorpa a nascadh le chéile, ba cheart sin a bheith ar cheann de na roghanna malartacha sin. Molaimid freisin go dtabharfaidh an tAontas fóirdheontais chun bealach iompair earraí a athrú le go mbeidh sé níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, cuir i gcás iompar iarnróid agus báid (le haghaidh turais achair ghearr).

Molaimid an méid sin i ngeall go dtarlaíonn turais achair ghearr go ró-mhinic, go mbaineann truailliú leo agus go mbeadh sé éasca teacht ar bhealaí malartacha iompair. Dá gcuirfí srian ar longa crúsála, laghdófaí truailliú na mara (fadhb an-mhór don chomhshaol) agus an tionchar diúltach ar chathracha cois cósta. Dá bhrí sin, ní mór dúinn roghanna malartacha níos inacmhainne a chruthú in ionad cinn a ghineann níos mó truaillithe. Dá mbeadh an leithead céanna ag na hiarnróid go léir, chuirfí feabhas ar an nascacht iarnróid idir príomhchathracha na hEorpa.

Sruth 5: Cúram do chách

Foshruth 5.2 Tuiscint níos leithne ar an tsláinte

I gcomhréir lena fheachtas 'HealthyLife4All', molaimid go gcuirfidh an tAontas chun cinn freisin tionscnaimh amhail imeachtaí spórtúla sóisialta,

gníomhaíochtaí spóirt i scoileanna, cluichí Oilimpeacha dhá uair sa bhliain a bheidh oscailte do gach aoisghrúpa, agus do gach spórt [ach ní do dhaoine gairmiúla spóirt]. Molaimid freisin go ndéanfar aip spóirt Eorpach saor in aisce a fhorbairt chun gníomhaíochtaí spóirt foirne a spreagadh. Ba cheart don aip sin cuidiú le daoine nascadh lena chéile tríd an spórt. Thairis sin, ba cheart poiblíocht agus cumarsáid fhorleathan a dhéanamh ar na tionscnaimh sin.

Chun go mbeidh muintir na hEorpa níos sláintiúla, ní mór don Aontas stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn. Ina theannta sin, is minic nach mbíonn an pobal ar an eolas faoin nasc atá ann idir an spórt agus saol sláintiúil. Tá an aip tábhachtach mar gur mó an seans go nglacfaidh daoine páirt i gcúrsaí spóirt má dhéanann siad i gcuideachta daoine eile é.